An Carnabhal

Séideán Sí



Brídín Nic Uiginn

The Cartoon Saloon a mhaisigh

An chéad eagrán 2006
Athchló 2010

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2006

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Dearthóirí Áiseanna Teagaisc na Gaeilge a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Obair ealaíne: The Cartoon Saloon

Printset and Design Teo a chlóbhuail in Éirinn

An Gúm, 24–27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1



Chuala Lug go raibh an carnabhal ar an mbaile.

'Ar chuala tú go bhfuil an carnabhal ar an mbaile?' ar seisean le Gug. 'Ba mhaith liomsa dul ann.'

'Ba mhaith liomsa dul ann chomh maith,' arsa Gug.

An lá ina dhiaidh sin d'éirigh an bheirt ar a hocht a chlog. Síos leo go Bóthar na Trá.

Cheannaigh siad dhá thicéad agus isteach leo. Siúd leo ag spaisteoireacht. Chonaic Lug na báid luascáin.

'Tá na báid luascáin ansin thall,' ar seisean.

'Seo leat, mar sin,' arsa Gug.



Isteach leis an mbeirt acu i mbád luascáin. Suas síos leis an mbeirt acu – suas síos suas ...

'Thaitin sé sin liom,' arsa Lug.

Ansin chonaic Gug na tuairteáin.

'Tá tuairteáin ansin thall,'

ar seisean.

'Seo leat, mar sin,' arsa Lug.

Isteach leis an mbeirt acu i dtuairteán. Soir siar leis an mbeirt acu. Timpeall agus timpeall leo.



'Thaitin sé sin liom,' arsa Gug.

Siúd leo ag spaisteoireacht arís. Tar éis tamaill bhuail ocras Gug. 'Tá ocras orm,' ar seisean. 'Tá siopa ansin thall,' arsa Lug.



Cheannaigh Lug úll agus iógart sa siopa.

Cheannaigh Gug milseáin, uachtar reoite agus criospaí ann.

'Ba cheart duit bia folláin a ithe,' arsa Lug leis.

'Ach is deise iad seo,' arsa Gug.

Siúd leo ag spaisteoireacht arís.
Tar éis tamaill chonaic Lug
an roithleagán ró.
'Tá an roithleagán ró ansin thall,'
ar seisean.
'Seo leat, mar sin,' arsa Gug.

Suas leis an mbeirt acu ar an
roithleagán ró. Timpeall agus
timpeall leis an mbeirt acu.



'Thaitin sé sin liom,' arsa Lug.

Tar éis tamaill chonaic Gug siopa eile. Bhuail ocras arís é. Isteach leis sa siopa agus cheannaigh sé barra mór seacláide.

'Beidh pian i do bholg má itheann tú é sin ar fad,' arsa Lug.
'Dhera, ní bheidh,' arsa Gug.

'Nach bhfuil sé in am againn a bheith ag dul abhaile anois?' arsa Lug tar éis tamaill.
'Ach ní rabhamar ar an roth mór fós,' arsa Gug.

Suas leis an mbeirt acu ar an roth mór. Suas suas suas leo.

Bhí Lug breá sásta leis féin.

Go tobann lig Gug béic as.

'A Lug! A Lug, tá pian i mo bholg.

Tá pian i mo bholg!' ar seisean.



'Cá bhfuil an leithreas? Cá bhfuil an leithreas?' arsa Gug nuair a stop an roth.

'Ansin thall,' arsa Lug.

'An bhfuil sé in am againn a bheith ag dul abhaile anois?' arsa Lug.

'Ó, tá! Tá! Tá, cinnte!' arsa Gug.

Agus abhaile leo.

04 LDPE 09-10 MIN



an roth mór

na tuairteáin



na báid luascáin



an roth ledaán ró

COLORFIL COVER SYSTEM
Made in Italy
09-10 MIN